# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

**(300 marc)**

Dé hAOINE, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10.

- Ní mór do na hiarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC** mar seo a leanas: Is gá topaic amháin a roghnú as *gach ceann* de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Ní mór do na hiarrthóirí **SÉ CHEIST** a fhreagairt mar a leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:

  Ní mór do na hiarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.

- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte le **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

## GRÚPA I: Na Topaicí 1 go 4

### Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

(i) (a) Tabhair cuntas ar Chath Mantinea in 418 RCh. (40)

(b) Cén fáth a raibh bua na Spartach in Mantinea chomh tábhachtach sin don Rí Agis? (10)

(ii) (a) Déan cur síos ar fhulaingt na nAithneach ar bhuail an Phlá iad in 430 RCh. (25)

(b) Cén sórt iompair ainrialta a tharla san Aithin in aimsir na Plá, dar le Túicídidéas? (15)

(c) Cad iad na bealaí inar spreag an Phlá na hAithnigh lena gcroídhícheall a dhéanamh? (10)

(iii) In 425RCh ghéill buíon Spartach do na hAithnigh ar oileán Sfaictéiria.

(a) Tabhair breac-chuntas ar na heachtraí ba chúis lena ngéilleadh. (35)

(b) Cén chaoi ar imir an eachtra seo tionchar ar chúrsa Chogadh na Peilipinéise? (15)

(iv) (a) Cad iad na bealaí inar chuir ceannaireacht an Spartaigh, Gylippus, le briseadh na nAithneach sa tSicil? (20)

(b) Cad iad na bealaí ina raibh an locht ar dhroch-cheannaireacht Nicias faoi bhriseadh na nAithneach? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (30)

---

### Topaic 2. Alastar Mór.

(i) (a) Déan cur síos ar an gcaoi ar imir Alastar cleas ar an rí Indiach, Póras, agus ar an gcaoi ar éirigh leis Abhainn an Hiodaispéas a thrasnú in 326 RCh. (35)

(b) Cad a d'fhoghlaim tú faoi charachtar Alastair óna iompar le linn Chath Hiodaispéas agus ina dhiaidh? (15)

(ii) (a) Mínigh an chaoi ar éirigh Alastar níos cosúla le rí Peirseach ná le rí Macadónach, ar bhealaí áirithe. (15)

(b) Cén fáth ar shocraigh Alastar nósanna agus feisteas na bPeirseach a tharraingt chuige féin? (15)

(c) Cén chaoi a ndeachaigh an fhorbairt seo i bhfeidhm ar na Macadónaigh? (20)

(iii) In 328 RCh, mharaigh Alastar a sheanchara Cléiteas i ndiaidh achrann foréigneach.

(a) Tabhair cuntas ar na heachtraí as ar tháinig bás Cléiteas. (30)

(b) Cé air ba mhó a bhí an locht faoin eachtra seo, dar leat, Alastar nó Cléiteas? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(iv) (a) Déan cur síos ar conas mar ba bheag nár cailleadh Alastar ag Léigear na Mallach in 325 RCh. (30)

(b) Mínigh cén fáth a raibh fearg ar chairde Alastair leis i ndiaidh na heachtra seo. (10)

(c) Conas a chuaigh an eachtra seo i bhfeidhm ar ghnáthshaighdiúirí Alastair? (10)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

(i) (a) Déan cur síos ar Chath Pharsalus ina bhfuair Caesar bua ar Phoimpéas in 48 RCh. (35)

(b) Tabhair breac-chuntas ar bhás Phoimpéas san Éigipt go luath i ndiaidh an chatha seo. (15)

(ii) "Chomh maith le bheith ina ghrá geal dílis, ba chara maith agus ba dheartháir ceanúil é Catullus freisin."

Taispeáin conas mar a thacaíonn na dánta le Catullus ar do chúrsa leis an ráiteas seo. (50)

(iii) (a) Cén fáth ar shocraigh Caesar ionradh a dhéanamh ar an mBreatain in 55 RCh, dar leis féin? (15)

(b) Cad a deir Caesar maidir le cuma mhuintir na Breataine, a bhfeisteas agus a stíl chogaíochta? (35)

(iv) (a) Mínigh cén fáth a raibh fuath ag Antaine agus Cicearó dá chéile. (25)

(b) Déan cur síos ar bhás Chicearó. (25)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

(i) (a) Déan cur síos ar ról Livia i réimeas a fir chéile, Ágastas. (20)

(b) Cén ról a d'imir Livia i réimeas a mic, Tibir? (20)

(c) Cén fáth ar spreag Ágastas na Rómhánaigh le pósadh agus clanna móra a bheith acu? (10)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar bhás an Impire Ágastas. (30)

(b) Cad ab ea príomhthéarmaí uacht Ágastas? (20)

(iii) (a) Cén fáth ar shocraigh Tibir an Róimh a fhágáil chun cónaí ar oileán Capri? (20)

(b) Ón léamh atá déanta agat ar Shéatóinias, déan cur síos ar an gcineál saoil a bhí ag Tibir nuair a bhí sé ina chónaí ar Capri. (30)

(iv) (a) Déan cur síos ar an gcaoi ar chaith Tibir le Agrippina (baintreach Germanicus) agus lena páistí. (30)

(b) An aontaíonn tú gur dhrochdhuine amach is amach ba ea Tibir? Mínigh do fhreagra. (20)

---

## GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.**

(i) (a) Sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas, cad iad na hargóintí a úsáideann Méidé chun a chur ina luí ar an gCór taobhú léise ina conspóid le hIasón? (35)

(b) Mínigh conas mar a athraíonn dearcadh an Chóir i leith Mhéidé níos deireanaí sa dráma. (15)

(ii) (a) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas, mínigh cén fáth a bhfuil Éideapús chomh meáite sin ar a fháil amach cé a mharaigh Laius, sean-Rí na Téibhe. (15)

(b) Tabhair cuntas ar bhás Laius. (20)

(c) Cén tionchar a d'imir nochtadh na fírinne faoi bhás Laius ar Éideapús agus ar a bhean chéile, Jocasta? (15)

(iii) (a) Déan cur síos ar theacht le chéile Mhéidé agus Creon, Rí na Corainte, sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas. (25)

(b) Tabhair cuntas ar bhás Creon agus a iníne, Glauce. (25)

(iv) (a) Déan cur síos ar throid Éideapús le Creon sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas. (35)

(b) Cad a d'fhoghlaim tú faoi charachtar Éideapús ón achrann seo? (15)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.**

(i) (a) I Leabhar 4 den *Aeinéid* le Veirgil, cén fáth a socraíonn Díodó í féin a mharú? (20)

(b) Déan cur síos ar nóiméid dheireanacha Dhíodó. (20)

(c) Cén chaoi a ndéanann Veirgil a chur síos ar a bás chomh corraitheach sin? (10)

(ii) (a) I Leabhar 12 den *Odaisé* le Hóiméar, cérbh iad na Siréanaí agus cén fáth a raibh an méid sin dainséir ag baint leo? (15)

(b) Déan cur síos ar conas mar ar dhéileáil Odaiséas leis na Siréanaí. (20)

(c) Cad a d'fhoghlaim tú faoi charachtar Odaiséis ón eipeasóid seo? (15)

(iii) (a) I Leabhar 2 den *Aeinéid* le Veirgil, conas a cuireadh ina luí ar Anchises, athair Aeinéas, an Traoi a fhágáil? (15)

(b) Cén fhianaise atá le fáil san *Aeinéid* le Veirgil den dlúthchaidreamh idir Aeinéas agus a athair? (25)

(c) An athair maith é Aeinéas dá mhac Ascanius, dar leat? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

(iv) (a) Ón léamh atá déanta agat ar Leabhar 5 den *Odaisé* le Hóiméar, déan cur síos ar thuras Odaiséas ó Ogygia go tír Phaeacia. (25)

(b) Cad a deir Odaiséas le Nausicaa nuair a bhuaileann sé léi? (15)

(c) Cén chaoi a gcabhraíonn Nausicaa le hOdaiséas? (10)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i) (a) Ón léamh atá déanta agat ar scéal Cacus le Veirgil, déan cur síos ar an gcoir a dhéanann Cacus i gcoinne Earcail agus ar conas mar a dhéanann sé iarracht í a cheilt. (15)

(b) Cén chaoi a dtagann Earcail ar choir Cacus? (10)

(c) Mínigh conas a fhaigheann Earcail an lámh in uachtar ar Cacus agus conas a mharaíonn sé é. (15)

(d) Ar thaitin an scéal seo leat? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

(ii) (a) Sna dánta ar do chúrsa, cén chomhairle a thugann Horáit ar conas an saol a chaitheamh? (25)

(b) Cén chomhairle a thugann sé ar conas machnamh ar an mbás? (25)

(iii) (a) In *Féilire Feirmeora* le Veirgil, cad iad na gníomhaíochtaí a dhéanann an feirmeoir le linn an gheimhridh? (20)

(b) Cad iad na bealaí ina gceapann Veirgil gur saol maith é saol an fheirmeora? (30)

(iv) (a) Sna *Mná Saibíneacha* le Livias, déan cur síos ar an hiarrachtaí a rinne Romalas chun bean chéile a fháil dá chuid fear. (35)

(b) Cad a gheall Romalas do na mná Saibíneacha a bhí gafa chun iad a mhealladh ar a thaobh? (15)

---

## GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

(i) Léiríonn **Fótagraf A** ar **Pháipéar X** teampall cáiliúil san Aithin.

(a) Ainmnigh an teampall seo agus abair cá háit a bhfuil sé suite. (10)

(b) Cén t-ord den dealbhóireacht Ghréagach inar tógadh é? (10)

(c) Mínigh an chaoi ina bhfuil an teampall seo an-difriúil le teampaill Ghréagacha eile. (30)

(ii) Déan staidéar ar **Fhótagraf B** ar **Pháipéar X**.

(a) Cén t-ainm a thugtar ar an gcineál seo leachta? (10)

(b) Cá háit a raibh leachtanna dá leithéid suite? (10)

(c) Ainmnigh an fhíor ar bharr an leachta. (10)

(d) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an leacht seo? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(iii) Léiríonn **Fótagraf C** ar **Pháipéar X** meatóp ón bPartanón san Aithin.

(a) Ainmnigh na fíoracha a léirítear sa mheatóp. (10)

(b) Cá háit ar an bPartanón a mbíodh na meatóip suite? Tig leat úsáid a bhaint as sceitse i do fhreagra. (10)

(c) Ainmnigh an dealbhóir a bhí i gceannas ar an dealbhóireacht ar fad ar an bPartanón. (10)

(d) Conas a chruthaigh an dealbhóir mothú den ghluaiseacht agus den drámaíocht sa mheatóp seo, dar leat? (20)

(iv) Léiríonn **Fótagraf D** ar **Pháipéar X** dealbhóireacht iomráiteach.

(a) Ainmnigh an dealbhóireacht. (10)

(b) Cén tearmann Gréagach ina mbíodh an dealbhóireacht seo suite? (10)

(c) Cad as a rinneadh í? (5)

(d) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann sí? (10)

(e) Cén chaoi ar dealbh thipiciúil den tréimhse seo í? (15)

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

(i) (a) Tabhair cuntas ar Fháthscéal an Chaptaein Mhara le Platón. (30)

(b) Cad iad na ceachtanna ba mhaith le Platón go bhfoghlaimeoimis ón bhfáthscéal seo, dar leat? (20)

(ii) (a) Cad iad na cineálacha ceoil a mheasann Sócraitéas a bheith oiriúnach ina stát idéalach?
Mínigh do fhreagra agus tú ag tagairt don téacs dualgais. (25)

(b) Cad iad na cineálacha ceoil a gcuirfeadh Sócraitéas faoi chosc ina stát idéalach?
Mínigh do fhreagra agus tú ag tagairt don téacs dualgais. (25)

(iii) Ón léamh atá déanta agat ar *An Phoblacht* le Platón, ar mhaith leat cónaí ina stát idéalach?
Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (50)

(iv) (a) Cad iad na rialacha a leagann Sócraitéas síos faoi nós maireachtála na nGardaí? (40)

(b) Cén fáth a seasann sé go teann ar na rialacha seo? (10)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

(i) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** foirgneamh cáiliúil Rómhánach.

(a) Ainmnigh an foirgneamh cáiliúil Rómhánach. (10)

(b) Déan cur síos ar an taobh amuigh den fhoirgneamh seo. (15)

(c) Tabhair breac-chuntas an na cineálacha siamsaíochta a bhíodh ar siúl ann. (15)

(d) Cén fáth a meastar an foirgneamh seo a bheith ina ghaisce mór san innealtóireacht Rómhánach? (10)

(ii) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** dealbh bhrád d’Impire Rómhánach.

(a) Ainmnigh an tImpire Rómhánach. (10)

(b) Cén chaoi a dtaispeánann an dealbhóir go bhfuil an tImpire á léiriú aige mar an laoch
miotaseolaíoch, Earcail? (15)

(c) Déan cur síos ar an gcaoi a léiríonn an dealbh pearsantacht an Impire. (15)

(d) An dealbh thipiciúil Rómhánach í seo, dar leat? Mínigh do fhreagra. (10)

(iii) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** cuid de shéadchomhartha cáiliúil sa Róimh.

(a) Ainmnigh an séadchomhartha. (10)

(b) Cad atá á chomóradh leis an séadchomhartha? (10)

(c) Luaigh blúire amháin eolais is féidir a fhoghlaim faoi arm na Róimhe ón séadchomhartha seo. (10)

(d) Mínigh cén fáth a gceaptar gur séadchomhartha suntasach é seo. (20)

(iv) Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** péintéireacht ar a dtugtar Gairdín Livia.

(a) Cérbh í Livia? (10)

(b) Déan mionchur síos ar an bpéintéireacht seo. (30)

(c) Cá háit i dteach Rómhánach a mbíodh péintéireachtaí dá leithéid seo suite, de ghnáth? (10)

---

Leathanach Bán

Leathanach Bán